

Achoimre na Saoránach

CREAT CÁILÍOCHTA AN AE DON ATHSTRUCHTÚRÚ

CAD Í AN FHADHB?

Ó 2002 i leith, chláraigh an Lárionad Eorpach um Fhaireachán ar Athrú (EMCC) breis is 16 000 oibríocht um athstruchtúrú, rud a thug glanchoillteanas post de bhreis is 2 mhilliún. Bíonn tionchar acu sin ar gach tír san Eoraip agus is ábhar mór imní i gcomhthéacs an chúlaithe iad.

Cuideachtaí a bhíonn á n-athchóiriú, is minic a ghníomhaíonn siad tar éis imeachtaí, seachas teacht roimh na fadhbanna agus gníomhú roimh ré:

- Is annamh a bhaineann oibríthe tairbhe as bearta tacaíochta roimh ré amhail oiliúint a chuideodh leo post nua a aimsiú níos tapa.
- Is minic gur ag céim ródhéanach a bhíonn baint ag ionadaithe na n-oibríthe leis an bpróiseas cinnteoireachta.
- Is minic a theipeann ar lucht bainistíochta dóthain a dhéanamh chun cúnamh a lorg ó eagraíochtaí seachtracha amhail údarais réigiúnacha, nó is ródhéanach a dhéanann siad é sin. D'fhéadfadh na heagraíochtaí sin a lán a dhéanamh le tionchar sóisialta díobhálach an athstruchtúraithe a laghdú.

Chun go n-éireodh le tionscal dul in oiriúint don athstruchtúrú, agus aon éifeachtaí díobhálacha a shrianadh ag an am céanna, is gá trí rud:

- teacht roimh imeachtaí
- dea-ullmhúchán, agus
- bainistíocht atá freagrach go sóisialta

Tugann an Creat Cáilíochta don Athstruchtúrú liosta de phríomh- dhea-chleachtas na ngníomhaithe tábhachtacha ar fad sa réimse seo. Iarrann an Coimisiún orthu cloí leis na dea-chleachtas sin, rud a chiallaíonn níos mó a dhéanamh le teacht roimh imeachtaí agus tionscnaimh a ghlacadh gan mhoill ..

CÉ A BHAINFIDH TAIRBHE AS AGUS CONAS?

Má chuirtear chun feidhme é, cabhróidh an Creat Cáilíochta don Athstruchtúrú le gnólachtaí a fhágáil níos iomaíche san fhadtréimhse, éascóidh sé aistriú fostaíochta agus cabhróidh sé le hoibríthe a dhéantar iomarcach teacht ar phost nua a luaite is féidir.

Réigiúin atá faoi thionchar ag athstruchtúrú, gheobhaidh siad treoir maidir le conas oibriú ar a chonlán féin, tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an athstruchtúraithe a mhaolú agus an geilleagar réigiúnach a athbheochan.

CÉN FÁTH A BHFUIL AR AN AE BEART A DHÉANAMH?

Is minic a eascraíonn athstruchtúrú corparáideach as cora a chuaigh i gcion ar bhreis is Ballstát amháin san AE, amhail an ghéarchéim airgeadais le déanaí, titim in éileamh ó thomhaltóirí, agus iomaíocht mhéadaithe ó gheilleagair eile.

Cé gur le cuideachtaí, a gcuid oibríthe agus a réigiúin is mó a bhaineann athstruchtúrú, scaipfidh Creat Cáilíochta Eorpach don Athstruchtúrú na cleachtas náisiúnta is fearr ar fud an AE agus cuirfidh sé chun cinn iad. Sa tsí sin, comhlánóidh an treoir uaidh bearta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

CÉN T-ATHRÚ A BHEIDH ANN GO DÍREACH?

Tacóidh an tionscnamh le smaoineamh chun cinn na ndaoine atá páirteach in athstruchtúrú agus spreagfaidh sé bainistiú atá freagrach go sóisialta i bpróisis den sórt sin. D'fhéadfadh sé sin cabhrú chun coimhlint agus, i gcásanna áirithe, géarchéimeanna, a sheachaint.

Méadú ar an smaoineamh chun cinn, d'fhágfadh sé

- cuideachtaí níos iomaíche, agus
- chabhródh sé le hoibrithe roghanna níos eolasaí a dhéanamh, á chur ar a gcumas post a athrú níos fusa.

CÉN UAIR IS DÓCHA A THIOCFADH AN TOGRA I BHFEIDHM?

Iarrann an Coimisiún ar chuideachtaí, ionadaithe na n-oibrithe, dhá thaobh an tionscail agus na húdaráis réigiúnacha agus náisiúnta tús a chur le cur chun feidhme na ndea-chleachtas atá leagtha amach sa Chreat Cáilíochta don Athstruchtúrú a luaithe is féidir.

In 2016 athbhreithneoidh sé a mhéid a bhfuiltear ag baint úsáide as an gCreat Cáilíochta agus cinnfidh sé ansin an gá dó bearta níos láidre a dhéanamh.